

Comhairliúchán Poiblí

**CUIR DO THUAIRIMÍ IN IÚL**

# Dréacht-Ghréasán Bus Nua atá deartha dá bhfuil i ndán do Ghaillimh.

Ba mhaith linn cluinstin uait.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

BUS CONNECTS GAILLIMH

IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

## Cad is BusConnects ann?

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann. Tá an clár ar áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021 – 2030 agus sa Phlean Gnímh don Aeráid 2023 ón Rialtas.

## Cad atá ag tarlú i nGaillimh?

Is é atá i gceist le clár BusConnects na Gaillimhe ná naoi mbeart atá ceaptha chun córas bus na Gaillimhe a athrú ó bhonn. Cabhróidh an clár seo le húsáid an iompair phoiblí a mhéadú go suntasach, rud atá ar cheann de na huaillmhianta atá i Straitéis Iompair na Gaillimhe.

Dhréachtaigh an tÚdarás Gréasán Bus Nua do Ghaillimh le haghaidh comhairliúchán poiblí, agus ba mhaith leis d'aiseolas a fháil ar na tograí sin. Cuirfidh an Dréacht-Ghréasán Nua feabhas mór ar an taisteal de bhus, agus an gréasán iompair phoiblí á athrú ó bhonn a bhuí le seirbhísí feabhsaithe nua.

## Cén dóigh a gcuirfear feabhas ar Chóras Bus na Gaillimhe?

1. An Gréasán Bus a athdhearadh
2. Gréasán nua conairí bus agus lánaí rothar a thógáil
3. Córas ticéadaithe úrscothach a chur chun feidhme
4. Córas íocaíochta gan airgead tirim a chur chun feidhme
5. Struchtúr táillí níos simplí
6. Libhré nua bus
7. Stadanna agus scáthláin nua bus a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu
8. Láithreacha nua Páirceála agus Taistil ag príomhláithreacha
9. Aistriú chuig flít busanna astaíochtaí nialasacha

## Na tairbhí a bheidh ag baint leis an Dréacht-Ghréasán Bus Nua

- Méadú 50% i seirbhísí bus do limistéar Chathair na Gaillimhe.
- Bealach bus nua 24 huaire an chloig.
- Seirbhísí breise ag an deireadh seachtaine.
- Bealaí atá deartha chun go mbeidh siad níos gasta agus níos iontaofa.
- Trí bhealach mhinice a thairgfidh seirbhís gach 15 nóiméad nó níos minice.

# Faigh Tuilleadh Faisnéise agus Cuir do Thuairimí in Iúl

Is é aidhm an chomhairliúcháin phoiblí seo ná do thuairimí a fháil faoi na tograí don dréachtghréasán bus nua. Tugtar sa leabhrán seo mionsonraí faoi na bealaí bus atá beartaithe i do cheantar agus faoi na háiteanna a nascfaidh siad leo.

Chun amharc ar an Tuarascáil iomlán ar an Dréacht-Ghréasán Bus Nua agus chun úsáid a bhaint as an léarscáil ar líne, tabhair cuairt ar:

**https://busconnects.ie/galway/**

Chun d'aiseolas a thabhairt dúinn, seol do thuairimí chugainn trí úsáid a bhaint as an bhfoirm aiseolais ar líne ar ár suíomh Gréasáin.


**https://busconnects.ie/galway/**

Is féidir leat do thuairimí a sheoladh i scríbhinn chuig:

**Dréacht-Ghréasán Bus Nua na Gaillimhe,**
**An tÚdarás Náisiúnta Iompair,**
**Dún Scéine, Lána Fhearchair,**
**Baile Átha Cliath 2, D02 WT20**


Má theastaíonn uait faisnéis bhreise nach bhfuil ar fáil sa leabhrán seo ná ar an suíomh Gréasáin, seol ríomhphost chuig **galwaynetwork@busconnects.ie** nó cuir glao ar **1800 303 653**.
Is féidir an dáta deiridh le haghaidh aiseolas a chur isteach a fháil ar an suíomh Gréasáin.

# Taisteal le BusConnects na Gaillimhe




## Gréasán Nua, uimhreacha nua.


Beidh uimhreacha bealaigh úrnua ag BusConnects.




Cad a chiallaíonn sé nuair a scoilteann dhá chraobh ar an léarscáil?

## Leanann na craobhacha bealaigh ar aghaidh ag minicíocht níos ísle.

## Táillí Simplithe.




Clúdóidh an táille seo gach turas bus agus iarnróid comaitéara a tosaíodh laistigh de thréimhse 90 nóiméad.

## Cén uair a athróidh an gréasán bus?

Tabharfar an gréasán nua bus isteach sa bhliain 2025. Mar sin, beidh go leor ama agat chun éirí cleachta le do bhealaí nua agus leis na huimhreacha bus nua.




# Bealaí bus i do cheantar áitiúil

| Bealach | Ó | Trí | Go | Minicíocht |
|---|---|---|---|---|
| *Tá an mhinicíocht ag meán lae léirithe sa tábla. Is féidir go mbeidh seirbhísí níos minice le linn buaicuaireanta. Ní bheidh siad chomh minic céanna ag an deireadh seachtaine/sa tráthnóna. | | | | |
| 1 | Gateway | Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar na Mine – Promanáid Bhóthar na Trá – Bóthar Bhóthar na Trá Uachtarach – Bóthar Mhuire – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Mhuine Mheá – Bóthar an Bhaile Bháin – Bóthar Pháirc an Chaisleáin – Bóthar Mhuine Mheá – Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 15 nóiméad |
| 3 | Gateway | Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar an Chlaí Bháin Uachtarach – Bóthar Rathúin – Bóthar Dhiarmada – Bun an Chnoic – An Cuarbhóthar – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Cnoc na Radharc – Bóthar Thuama – Ascaill Uí Chonghaile – Bóthar San Séamas – Bóthar an Bhaile Bháin | Eastát Tionscail Bhaile an Bhriotaigh | 20 nóiméad |
| 4 | Gateway | Páirc Gnó na Gaillimhe Thiar – Bóthar Rathúin – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar Le Chéile – Bóthar Shiobhán Nic Cionnaith – Bóthar Thomáis Uí Eidhin – Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar na Rinne Móire – Céide na Sceiche Gile – Céide na Fiúise – Bóthar Bhaile an Locháin – Bóthar Bhaile Átha Cliath | Ospidéal Pháirc Mhuirlinne | 30 nóiméad |
| 7 | Bóthar na Ceapaí | Bóthar Bhearna – Bóthar Chnoc na Cathrach – Bóthar Bhóthar na Trá Uachtarach – Promanáid Bhóthar na Trá – Bóthar Bhóthar na Trá Uachtarach – Bóthar Grattan – Bóthar na Trá Báine – Bóthar an Athar Uí Ghríofa – Bóthar na nDuganna/Bóthar na gCeannaithe – Lár na Cathrach – Sráid Eglinton – Bóthar Áth Cinn – Bóthar Chúil Each – Arda Thír Oileáin – Bóthar Áth Cinn – Bóthar an Chóiste | An Caisleán Gearr | 20 nóiméad |
| 9 | Gateway | Ionad Siopadóireachta Gateway – Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar Rathúin – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar Dhabhach Uisce – Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 10 nóiméad |
| 9A | Bóthar na Ceapaí | Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Ionad Siopadóireachta Gateway – Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar Rathúin – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar Dhabhach Uisce – Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 20 nóiméad |
| 9B | Bóthar Bhaile an Mhóinín | Bóthar Bhaile an Mhóinín Uachtarach – Bóthar Bhaile an Mhóinín Íochtarach – Bóthar Sheanghoirt – Bóthar an Chlaí Bháin Íochtarach – Ionad Siopadóireachta Gateway – Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar Rathúin – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar Dhabhach Uisce – Bóthar na Páirce Móire | Páirc Gnó na Páirce Móire | 20 nóiméad |
| 10* | Bóthar an Bhóthair Aird | Bóthar Mhóinséil – Bóthar Sheantalaimh – Bóthar Cholm Cille – Bóthar Mhic Coisteala – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – (*trí Chlinic na Gaillimhe agus Bóthar Isteach an Oirthir NÓ trí Ros Cam agus Bóthar an Chósta) – An Phríomhshráid | Órán Mór | 15 nóiméad |
| 10A | Bóthar na Trá | Leisureland – Bóthar Charraig Bhartúin – Promanáid Bhóthar na Trá – Bóthar na Mine – Bóthar an Bhóthair Aird – Bóthar Mhóinséil – Bóthar Sheantalaimh – Bóthar Cholm Cille – Bóthar Mhic Coisteala – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Clinic na Gaillimhe – An N67 – An Phríomhshráid | Órán Mór tríd an N67 | 30 nóiméad |
| 10B | Gateway | Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar na Mine – Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín – Gairdíní Devon – Bóthar an Bhóthair Aird – Bóthar Mhóinséil – Bóthar Sheantalaimh – Bóthar Cholm Cille – Bóthar Mhic Coisteala – Bóthar an Chaisleáin Nua – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach (trí Nasc Traschathrach) – Bóthar an Choláiste – Bóthar Bhaile Átha Cliath – Bóthar Dhabhach Uisce – Ros Cam – Bóthar an Chósta – An Phríomhshráid | Órán Mór trí Ros Cam | 30 nóiméad |
| 424 | Bearna | Bóthar Bhearna – Bóthar Sheanghoirt – Bóthar an Chlaí Bháin Íochtarach – Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Ionad Siopadóireachta Gateway – Bóthar Dáileacháin an Iarthair – Bóthar Rathúin – Bóthar Shéamais Uí Chuirc – Bóthar na hOllscoile – Ardeaglais na Gaillimhe – Lár na Cathrach | Stáisiún an Cheanntaigh | 60 nóiméad |
| *Soláthraíonn Bealach 10 seirbhís gach 15 nóiméad idir Órán Mór agus Gaillimh. Imíonn craobhacha Bhealach 10 óna chéile idir Órán Mór agus Bóthar Bhaile Átha Cliath. | | | | |

# Léarscáil de Ghréasán na Gaillimhe

- An dóigh a mbaineann tú do cheann scríbe amach le BusConnects.



# Léarscáil de Ghréasán Lár Cathrach na Gaillimhe

- An dóigh a mbaineann tú do cheann scríbe amach le BusConnects.

